Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Bealtaine 2022
(OR. en)

8160/22

CFSP/PESC 499
CIVCOM 60
COPS 161
COWEB 31
CSDP/PSDC 203
RELEX 479
JAI 486
EU-LEX 1
PSC DEC 12
EUMC 124

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv* (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2022) |

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

**CINNEADH (CBES) 2022/…**
**ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv[*](EULEX KOSOVO)**
**(EULEX KOSOVO/1/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO)[1], agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

* Ní dochar an t- ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

1 IO L 42, 16.2.2008, lch. 92.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 12(2) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun an rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 28 Samhain 2019, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2019/1991[1], lena gceaptar Lars-Gunnar WIGEMARK ina Cheann Misin ar EULEX KOSOVO don tréimhse ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 14 Meitheamh 2020.

(3) An 3 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/904[2], lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EULEX KOSOVO go dtí an 14 Meitheamh 2023.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2019/1991 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Samhain 2019 maidir le Ceann Misin a cheapadh ar Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (EULEX Kosovo/2/2019) (IO L 308, 29.11.2019, lch. 105)

[2] Cinneadh (CBES) 2021/904 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2021 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (IO L 197, 4.6.2021, lch. 114).

(4) An 10 Meitheamh 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/959[1], lena gcuirtear síneadh le sainordú Lars-Gunnar WIGEMARK mar Cheann Misin EULEX KOSOVO go dtí an 14 Meitheamh 2022.

(5) Tá molta ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála síneadh a chur le sainordú Lars-Gunnar WIGEMARK mar Cheann Misin EULEX KOSOVO don tréimhse ón 15 Meitheamh 2022 go dtí an 14 Meitheamh 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh 2021/959 (CBES) ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CBES) an 10 Meitheamh 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2021) (IO L 212, 15.6.2021, lch. 1).

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Lars-Gunnar WIGEMARK mar Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) don tréimhse ón 15 Meitheamh 2022 go dtí an 14 Meitheamh 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 15 Meitheamh 2022.

Arna dhéanamh i/in/sa…,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*